SCOIL LÁN-GHAEILGE LE

SAINSPIORAD IDIRCHREIDMHEACH

COMHSPIORAD

Feidhmeoidh scoil Idirchreidmheach faoi phátrúnacht An Foras Pátrúnachta le **comhspiorad Caitliceach agus Protastúnach**. Tabharfar aitheantas don chaoi a **shaibhríonn** an dá chreideamh agus na sainchreidimh laistigh den Phrotastúnachas an saol in Éirinn.

MODHANNA ADHARTHA

Spreagfar **tuiscint** agus **inghlacthacht** ar mhodhanna adhartha Caitliceacha agus Protastúnacha.

SACRAIMINTÍ AGUS CAOINFHULAINGT

Ullmhófar na daltaí do na **sacraimintí** a bhaineann leo.

Leagfar dualgas ar an scoil tábhacht na **caoinfhulaingthe** a aithint agus a cheiliúradh.

FREASTAL AR NA MÓRTHRAIDISIÚIN

Tá freagracht ar an scoil idirchreidmheach **freastal iomlán** a dhéanamh ar an dá mhórthraidisiún Críostúil seo agus na siollabais chreidimh reatha atá leagtha síos ag easpaig na nDeoisí cuí a leanacht go hiomlán (nó ag easpaig na gcreideamh ar leith sna deoisí a leanacht go hiomlán).

I gcás nach bhfuil ach daltaí de chreideamh amháin cláraithe sa scoil nó sa rang cloífear leis an bpolasaí thuasluaite trí thuiscint a thabhairt do dhaltaí ar an gcreideamh eile.

SPIORAD SAINIÚIL NA SCOILE

Tá **dualgas** ar an mBord Bainistíochta spiorad sainiúil na scoile atá ag teacht leis an sainmhíniú thuasluaite de scoil lán-Ghaeilge idirchreidmheach **a chosaint** agus a bheith freagrach don phátrún as é a chosaint.

AN FORAS PÁTRÚNACHTA